Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus

Acmhainní Nádúrtha

Cumaisc sna Meáin Cumarsáide

Eanáir 2015

Cúlra

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge. Músclaíonn an mhóreagraíocht seo pobal na hÉireann, tugann sí tuiscint úrnua dúinn ar ár n-oidhreacht luachmhar agus cothaíonn sí meas ionainn ar an gcultúr Gaelach.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin.

Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Intreoir:

Tá sé ríthábhachtach go léiríonn na meáin cumarsáide réimse leathan barúlacha, atá ábalta freastal ar shuimeanna mhuintir na tíre ar fad agus a léiríonn éagsúlacht chultúrtha oileán iomlán na hÉireann. Cuireann an Acht Craoltóireachta 2009 dualgais áirithe ar TG4 agus ar RTÉ mar craoltóirí naisiúnta i dtaca le teanga na Gaeilge. Ba chóir go n-oibríonn Údarás Craolacháin na hÉireann agus na treoirlínte nua seo le cinntiú go bhfreastalaíonn craoltóirí ar an phobal ar fad, agus ciallaíonn sé seo go mbeidh ceist na Gaeilge agus craolacháin trí mheán na Gaeilge tábhachtach le linn cumaisc meáin chumarsáide ar bith.

Moltaí:

- Ag teacht ón Acht Craoltóireachta 2009, tá oibleagáidí ar na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí [RTÉ agus TG4] chun réimse cuimsitheach clár a chur ar fáil i nGaeilge luaite i baragraif 5.9 sna treoirlínte nua. Ba chóir go bhfuil craolacháin trí mheán na Gaeilge páirteach sa phróiseas nuair a dhéantar cinneadh faoi chumaisc ar bith sa mheán, le cinntiú go léirítear éagsúlacht chultúrtha oileán iomlán na hÉireann.
- Tá sé ar leas an phobail go mbeadh rogha de chláir á craoladh trí mheán na Gaeilge, agus ba chóir, mar sin, go mbeadh dualgais ar chraoltóirí móra eile fosta méid áirithe uaireannta a úsáid le cláracha trí mheán na Gaeilge a chraoladh. Mura bhfuil na riachtanais seo ar craoltóiri ní bheidh sceideal na stáisiúin ionadaíoch ar an tír agus ar an cúlra
- De réir an Acht 2009, tá lán rogha ag na stáisiúin faoi na hamanna craoltóireachta agus an saghas cláracha a chuirtear ar fáil, a fhad is a chomhlánaíonn na roghanna seo na dualgais eile atá ag na stáisiúin faoin Acht. Is féidir amhlaidh a dhéanamh le craoltóirí eile a fhad is go gcomhlíontar an dualgas seo ar bhonn praiticiúil. i. Ní leor le rá go gcaithfear méid uaireannta áirithe in aghaidh na seachtaine a bheidh curtha ar leath taobh do chraoltóireacht trí mheán na Gaeilge, ach ba chóir go bhfuil na cláracha seo á craoladh ar laethanta agus amanna réasúnta a bheadh fóirsteanach don lucht féachana.
- Nuair a dhéantar tagairt sna treoirlínte nua do na dualgais atá ar na Craoltóirí Naisiúnta le cláir a chraoladh trí mheán na Gaeilge, ba chóir go bhfuil coinníoll ann gur féidir an dualgas seo a leathnú amach ar chraoltóirí eile, bunaithe ar méid na heagraíochtaí eile agus ar a gcumas le craolacháin trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.
- Ba chóir go dtógtar ceist chraolacháin na Gaeilge mar chuid de ghach cinneadh atá le déanamh faoi na treoirlíne nua seo.